



Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 18 Feabhra 2020
(OR. en)

5661/20

Comhad Idirinstitiúideach:
2000/0007 (NLE)

UD 21
CORDROGUE 10

GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE

Ábhar: CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa 63ú seisiún den Choimisiún um Dhrugaí Támhshuanacha maidir le substaint amháin a chur le liosta na substaintí i dTábla I de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe i gcoinne Gáinneáil Aindleathach Drugaí Támhshuanacha agus Substaintí Síceatrópacha

CINNEADH (AE) 2020/... ÓN gCOMHAIRLE

an ...

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa 63ú seisiún
den Choimisiún um Dhrugaí Támhshuanacha maidir le substaint amháin
a chur le liosta na substaintí i dTábla I de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe
i gcoinne Gáinneáil Aindleathach Drugaí Támhshuanacha
agus Substaintí Síceatrópacha**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe an chéad fhomhír
d’Airteagal 207(4) de, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Tháinig Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe i gcoinne Gáinneáil Aindleathach Drugaí Támhshuanacha agus Substaintí Síceatrópacha in 1988 ("an Coinbhinsiún"), i bhfeidhm an 11 Samhain 1990 agus thugadh an tAontas i gcrích é le Cinneadh 90/611/CEE ón gComhairle¹.
- (2) De bhun Airteagal 12(2) go (7) den Choinbhinsiún, féadfar substaintí a chur le Táblaí an Choinbhinsiúin ina liostaítear réamhtheachtaithe drugaí.
- (3) Le linn an 63ú seisiún a bheidh ar siúl ón 2 go dtí an 6 Márta 2020 i Vín, tá an Coimisiún um Dhrugaí Támhshuanacha chun cinneadh a dhéanamh maidir le substaint nua amháin a chur le Tábla I an Choinbhinsiúin.
- (4) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Choimisiún um Dhrugaí Támhshuanacha a bhunú mar go mbeidh éifeacht dlí ag an gcinneadh ina san Aontas agus go mbeidh sé in ann tionchar cinntitheach a imirt in inneachar dhlí an Aontais, eadhon Rialachán (CE) Uimh. 111/2005 ón gComhairle² agus Rialachán (CE) Uimh. 273/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle³.

¹ Cinneadh ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 1990 maidir le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe i gcoinne Gáinneáil Aindleathach Drugaí Támhshuanacha agus Substaintí Síceatrópacha a thabhairt i gcrích thar ceann Chomhphobal Eacnamaíochta na hEorpa (IO L 326, 24.11.1990, lch. 56).

² Rialachán (CE) Uimh. 111/2005 ón gComhairle an 22 Nollaig 2004 lena leagtar síos rialacha chun faireachán a dhéanamh ar thrádáil i réamhtheachtaithe drugaí idir an tAontas agus tríú tíortha (OJ L 22, 26.1.2005 lch. 1).

³ Rialachán (CE) Uimh 273/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Feabhra 2004 maidir le réamhtheachtaithe drugaí (OJ L 47, 18.2.2004 lch. 1).

- (5) De réir mheasúnú an Bhoird Idirnáisiúnta um Rialú Támhshuanach, úsáidtear an tsubstaint *alfa*-feiniolaicéataicéatáit meitile (MAPA) go minic i monarú aindleathach amfataimín agus meitiolamfataimín. Tá fianaise ann go mbaineann fadhbanna tromchúiseacha sláinte poiblí nó fadhbanna sóisialta le méid agus fairsinge mhonarú aindleathach na ndrugaí támhshuanacha agus na substaintí síceatrópacha sin agus, dá bhrí sin, tá údar maith le *alfa*-phenylacetoacetate meitile (MAPA) a chur faoi rialú idirnáisiúnta. Tá monarú neamhdhleathach amfataimín agus meitiolamfataimín ina chúis le fadhbanna suntasacha sláinte poiblí agus sóisialta san Aontas. Tá teagmhais a bhaineann le gáinneáil ar *alfa*-feiniolaicéataicéatáit meitile (MAPA) ag tarlú níos minice agus ar scála níos mó, agus tá amfataimín agus meitiolamfataimín á n-onnmhairiú go neamhdhleathach chuig tríú tíortha ag grúpaí coireachta eagraithe san Aontas.
- (6) Ba cheart do Bhallstáit an Aontas atá ina gcomhaltaí den Choimisiún um Dhrugaí Támhshuanacha seasamh an Aontais a chur in iúl,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa 63ú seisiún den Choimisiún um Dhrugaí Támhshuanacha, cuirfear *alfa*-feiniolaicéataicéatáit meitile (MAPA) le Tábla I den Choinbhinsiún.

Airteagal 2

Na Ballstáit sin den Aontas atá ina gcomhaltaí den Choimisiún um Dhrugaí Támhshuanacha, cuirfidh siad in iúl an seasamh a leagtar amach in Airteagal 1, ag gníomhú go comhpháirteach dóibh.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh in/sa ...,

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán
